Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme


Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027





**Liatroim**

**Pictiúir Clúdaigh (C go D):** Jonas Dellow, Cian Flynn, Kate Wilson

# Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | **Réamhrá** | 02 |
| 01 | **Éire Ildánach 2023–2027** | 04 |
| 02 | **Cultúr agus Cruthaitheacht i Liatroim** | 06 |
| 03 | **Fís Éire Ildánach do Liatroim** | 08 |
| 04 | **Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach**<br>Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 09 |
| 05 | **Tosaíochtaí Straitéiseacha do Liatroim** | 10 |
| 06 | **Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Liatroma** | 14 |
| | **Léarscáil de Liatroim** | 15 |


Leitrim County Council
Comhairle Chontae Liatroma

## Réamhrá

It is acknowledged that culture and creativity are a vibrant and active part of what Leitrim represents. Built on a rich cultural wellspring that goes back generations, the sector is held in high esteem by communities of individuals up and down the county that are eager to explore their own creativity and to explore their own environment in a creative way. The county is also home to more than 400 professionals who work in the area of Culture and Creativity, making the sector an important part of Leitrim's economy.

The Creative Ireland National Programme places creativity at the centre of people's lives; enhancing access to, engagement with, and the enjoyment of Ireland's culture and creativity in order to promote individual, community and national wellbeing. This strategy is being published following a period of unparalleled challenge and uncertainty. We are very cognisant of that and recognise that many of the projects that were developed through Leitrim's Creative Ireland programme over the last two years became beacons of light at a very difficult time. Leitrim County Council prides itself on its work in these areas and this initiative allows us to align our work to national policy and the five pillars prioritised by Creative Ireland.

As a local authority, strongly invested in culture and creativity, Leitrim County Council is delighted to present this Creative Ireland five-year strategy. Leitrim County Council's Creative Ireland team brings together expertise in arts, heritage, libraries, community development and enterprise. Through this team, and indeed all our staff, we look forward, over the next five years, to building on what we have already achieved, and by collaborating with all stakeholders, to further position culture and creativity at the centre of public life.

**Lar Power**
Chief Executive of Leitrim CountyCouncil

**Cllr. Ita Reynolds Flynn**
Cathaoirleach of Leitrim County Council

Creativity as we know it is a relatively new concept. People have always been creative of course, but considering creativity as an ability that everyone can engage in and nurture rather than an innate talent or gift only emerged in the early 1900s. In the 100 years since, our understanding and appreciation of creativity has expanded significantly, not only in how creativity is applied in art and science, but how we all use creativity to navigate and interpret our environments. Steve Jobs said:

> *"When you ask creative people how they did something, they feel a little guilty because they didn't really do it, they just saw something"*

reasoning that creative people can more easily connect experiences and synthesize new things because they've thought about it more and done it more often. It's not surprising then that people such as artists and inventors are considered particularly creative given that they spend their entire working lives doing this and can do extraordinary things when creativity is coupled with highly developed skills and craft.

But everyone can be creative, and everyone can enjoy the satisfaction that comes from thinking about and making new things or solving problems by creating new solutions. In recent years, in addition to being a source of great pleasure and satisfaction, creativity has also come to be considered as one of the most important live skills we can have and fundamental to navigating the shifts inherent in the world today.

For all these reasons Leitrim County Council is deeply committed to promoting creativity within our communities, particularly amongst young people and communities with less access to such opportunities, and to supporting those who choose to pursue creative careers. In places like Leitrim where cultural activities form a strong point of identification, the Culture and Creativity sector makes a critical contribution to our economy, our society and our individual lives. Communities and individuals of all ages can develop confidence, a sense of self, and a shared understanding though creative expression. Every effort should be made to provide those opportunities, and this strategy provides us with the framework for how we can do that over the coming years.

**Leitrim County Council Culture & Creativity Team**

# 1 Éire Ildánach
2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí,
a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn-cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. *Pobail Ildánacha*
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn *Pobail Ildánacha* leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá *Pobail Ildánacha* nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Lú agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



The Glens Street Session 2021

## 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i Liatroim

*"Tá líon mór daoine i Liatroim sa lá atá inniu ann a bheadh tar éis a saol iomlán ar fad a chaitheamh gan dul i mbun gníomhaíocht chruthaitheach murach Clár Éire Ildánach."*

Rinne céad straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Contae Liatroma cur síos cruinn ar na láidreachtaí agus na tréithe atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht - tobar na hoidhreachta cultúir, scála coibhneasta suntasach na hearnála cruthaithí – atá ag fás i gcónaí – agus ardmhian Liatroma le fada an lá chun cultúr agus cruthaitheacht a chur i bhfeidhm i bpleanáil d'fhorbairt shóisialta, chultúir agus eacnamaíoch sa chontae. Tá ár modheolaíocht chun na cuspóirí sin a bhaint amach mar thréith ag cur chuige a chothaíonn rannpháirtíocht an phobail, a thacaíonn le healaíontóirí, agus a chothaíonn caidrimh idir pobail, ealaíontóirí agus gníomhaireachtaí éagsúla chun cáilíocht agus tionchar na dtorthaí a uasmhéadú do gach duine lena mbaineann.

Thar thréimhse na straitéise deiridh, d'oibrigh Comhairle Contae Liatroma le grúpaí pobail, le heagraíochtaí, le láithreacha agus le gníomhaireachtaí eile chun 115 Tionscadal Glaonna Oscailte, 58 Tionscadal Cruinniú na nÓg agus 14 thionscadal lenar tacaíodh le forbairt an Gheilleagair Ildánaigh.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur cuireadh cuid mhór den tréimhse a chlúdaigh an chéad straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta i Liatroim i bhfeidhm le linn an tsuaite ba mhó ar ár sochaí agus ar ár saol féin le cuimhne na ndaoine. Mar sin, cé nach bhfuil aon athrú ar bhunsraith na straitéise nua seo, ná ar a mhian an cultúr agus an chruthaitheacht a dhaingniú i bpleananna forbartha an údaráis áitiúil, tá ceachtanna go leor tar éis teacht chun cinn as nádúr uathúil na 3 bliana seo caite, agus go háirithe an tuiscint mhéadaithe ar chumas ollmhór na hearnála cruthaithí cur le cáilíocht shaol na ndaoine ar bhealach dearfach.

In 2020 agus muid i dtaithí ar bheith ag oibriú i dtírdhreach iomlán éagsúil, thacaigh Comhairle Contae Liatroma le breis agus 30 tionscadal nua a fhorbairt le pobail éagsúla ar fud an chontae. Rinneadh go leor díobh seo ar líne agus bhain cuid acu lucht spéise ollmhór amach ar nós Le Chéile Óna Chéile, ceann de na chéad tionscadail dá leithéid a bhain úsáid as teicneolaíocht chun comhghníomhaíocht chruthaitheach a fhorbairt le linn na dianghlasála. Bhí damhsóirí óga as Liatroim agus as na contaetha máguaird chomh maith le Nua-Eabhrac, ag damhsa le chéile le ceol ón Bothy Band ó laistigh de 2km dá dtithe féin, i dtionscadal nuálach Áirc Damhsa. Bhí tionscadail eile níos dlúithe le grúpaí agus lucht féachana i bhfad níos lú mar an tionscadal Silent Waltz ag Ballroom of Romance Ghleann Fearna, áit ar oibrigh na healaíontóirí Michael McLoughlin agus Roisin Loughrey le grúpa beag lánúineacha níos sine ag an ionad a dhírigh ar bhrí agus luach an rince dóibh agus ar chailleadh an phobail sin le linn na dianghlasála.

Murab ionann agus a bhfuiltear ag súil leis, ag eascairt as feasacht agus léirthuiscint nua ar thairbhí na cruthaitheachta, agus in ainneoin an tsriain a chuirtear ar ghluaiseacht daoine agus srianta na teicneolaíochta in amanna, tháinig méadú suntasach ar rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha i rith an ama sin. Mar thoradh air sin, tá líon mór daoine i Liatroim sa lá atá inniu ann a bheadh saol iomlán ar fad caite acu gan dul i mbun gníomhaíocht chruthaitheach murach Clár Éire Ildánach ag an tráth dúshlánach sin.

Bhí dúshlán mór ag baint leis na 3 bliana seo caite freisin dóibh siúd atá ag obair san earnáil chruthaitheach mar gur dúnadh cláir, ionaid agus gailearaithe in aon oíche amháin agus cailleadh na slite beatha sin agus na pobail ar a bhfreastalaíonn siad. Ar an gcaoi chéanna a bhfuil méadú tagtha ar luach agus tionchar Chlár Éire Ildánach ar phobail, dírítear níos mó ar ról tábhachtach Chlár Éire Ildánach freisin maidir le conas is féidir leis an geilleagar cruthaitheach a neartú.

In éineacht le tionscadail rannpháirtíochta pobail, mar chuid de Phacáiste Spreagtha Post an Rialtais a cuireadh ar fáil trí Éire Ildánach, bhíomar in ann tacú le gairmithe san earnáil chruthaitheach chun obair nua a fhorbairt agus tabhairt faoi intéirneachtaí agus deiseanna forbartha gairmiúla eile atá deartha chun cur lena ngairmeacha beatha i ndiaidh na paindéime.

Ag breathnú chun cinn, de réir mar a bheidh an comhairliúchán i dtreo fhorbairt na straitéise nua seo ag teacht chun cinn, **tá Comhairle Contae Liatroma i mbun Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a fhorbairt chomh maith le Straitéis Ealaíon, Straitéis Leabharlainne, Plean Aoisbháúil, agus Straitéis Forbartha Eacnamaíochta.** Soláthraítear leis seo deis luachmhar chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud an chreata pleanála, breithniú cuí ar chuspóirí straitéiseacha eile na comhairle, agus breithniú cuí ranna eile ar chuspóirí na comhairle maidir le cultúr agus le cruthaitheacht.



MESOCOSMS by Christine Mackey featuring Stephen (Herbie) McCann.
**Photogrpaher:** Cian Flynn

# 3 Fís Éire Ildánach do Liatroim

Is í fís Éire Ildánach do Liatroim cur le forbairt shóisialta, chultúir agus eacnamaíoch an chontae agus a earnála cruthaithí trí chruthaitheacht a chur i gcroílár shaol na ndaoine.

Thar shaolré na straitéise seo, déanfaimid raon an chláir a leathnú a thuilleadh, lena dtabharfar deiseanna do phobail nua agus do dhaoine aonair nua de gach aois agus ó gach cineál cúlra a gcuid cruthaitheachta féin a fhiosrú, go leor acu den chéad uair. Cuirfimid le forbairt an Gheilleagair Chruthaithigh, ag cuidiú le hinbhuanaitheacht na ndaoine a oibríonn san earnáil chruthaitheach a chinntiú.

Chun é seo a bhaint amach, bainfimid úsáid as cur chuige tras-rannach, agus oibreoimid i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ar fud an chontae.




# 4 Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach

## Prionsabail agus Luachanna Pobail Chruthaitheacha

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

— **Beartas** — Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;

— **Cleachtadh** — Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh *Pobail Ildánacha* de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.

— **Rannpháirtíocht** — Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus

— **Comhpháirtíocht** — Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ros Comáin agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil–idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírithe i gcomhar a chothú.

Modern Day Mummers featuring Edwina Guckian, Fionnuala Maxwell, Brian Mostyn.
**Photographer:** Brian Farrell

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Liatroim

Saothraítear fís Éire Ildánach i Liatroim trí na 5 cholún seo:

I. Pobail Ildánacha
II. Óige Ildánach
III. Folláine, Comhionannas, Éagsúlacht & Cuimsitheacht
IV. Áit, an Comhshaol & Athrú Aeráide
V. Fiontar Ildánach

**1. Pobail Ildánacha**
Is é bunphrionsabal na straitéise seo deiseanna a sholáthar do phobail agus do dhaoine aonair a gcuid cruthaitheachta féin a fhiosrú agus tacú leo siúd atá ag obair san earnáil chruthaitheach caidrimh láidre torthúla a fhorbairt le grúpaí pobail, ag cur le rannpháirtíocht, rochtain agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha.

Is féidir pobal a thabhairt ar aon ghrúpa daoine a thagann le chéile mar gheall go bhfuil baint acu leis an áit chéanna, go bhfuil na spéiseanna céanna acu nó go roinnt siad na tréithe céanna, agus mar sin, áiríonn Pobail Ildánacha aon ghrúpa daoine a thagann le chéile chun a gcruthaitheacht féin a fhiosrú, nó aon ghrúpa daoine a thagann le chéile chun téamaí atá tábhachtach dóibh féin a fhiosrú tríd an gcruthaitheacht. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh a bheith san áireamh sa tosaíocht seo gach pobal daoine a mbímid i dteagmháil leo faoi cheann ar bith de na 5 thosaíocht.

É sin ráite, cé go raibh rátaí rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha i Liatroim i gcónaí measartha ard, agus líon na ndaoine, idir rannpháirtithe agus lucht féachana, a bhí páirteach i gClár Éire Ildánach suntasach go bhfuil siad ag fás i gcónaí, níl sna huimhreacha seo ach céatadán measartha beag den daonra iomlán. Ós rud é gurb é an sprioc atá againn deis a thabhairt do gach cónaitheoir i Liatroim a gcuid cruthaitheachta féin a fhiosrú, leanfaimid ag obair i gcomhpháirtíocht le rannóga na comhairle, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta, na meáin agus daoine eile chun é sin a bhaint amach.

Mhúin ár dtaithí, agus an t-aiseolas a fuarthas trí chomhairliúchán, dúinn go bhfuil sé éasca ar go leor grúpaí i Liatroim fáil amach faoi Chlár Éire Ildánach agus go bhfuil rochtain éasca ar na tacaíochtaí a theastaíonn chun tionscadal a fhorbairt, agus go bhfuil na tacaíochtaí sin oiriúnach agus cabhrach.

Ina ainneoin sin, i gcás roinnt pobal ar leith, féadfaidh raon constaicí eile a bheith i gceist le rochtain ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha nach mór a shárú. Mar gheall air sin, tá 2 cholún eile forbartha againn maidir le hÓige Ildánach agus Folláine, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsitheacht chun aghaidh a thabhairt air seo.

Tá na gníomhartha seo a leanas i measc na ngníomhartha a bpléifimid faoin gcolún Pobail Ildánacha:

— Straitéis chuimsitheach chumarsáide a fhorbairt chun feasacht ar chlár Éire Ildánach a leathnú go ginearálta.

— Obair éascaitheoirí féideartha éagsúla tionscadail a chur chun cinn do ghrúpaí pobail agus do gach iarratasóir féideartha ar thionscadail.

— Sraith ceardlann pleanála tionscadail agus cruinnithe tionscadail a reáchtáil chun feasacht níos fearr a chruthú ar an gclár, chun an obair a rinneadh a cheiliúradh, chun tras-saibhriú smaointe agus cur chuige a spreagadh, agus chun cur ar chumas pobail tionscadail dea-phleanáilte a fhorbairt.

**2. Óige Ildánach**
Nuair a dhéanaimid infheistíocht i gcruthaitheacht daoine óga, táimid ag infheistiú i gcruthaitheacht ár sochaí amach anseo. Tá Leanaí & Daoine Óga ina bpríomhthosaíocht do Chomhairle Contae Liatroma i gcónaí mar gur leanaí iad thart ar 27% den daonra. Ina theannta sin, tá Liatroim ar cheann de na contaetha is mó faoin tuath in Éirinn le ceann de na rátaí spleáchais is airde ag gach aois agus, mar shampla, an céatadán is airde daoine óga ag soláthar cúnamh gan phá sa bhaile. Léirítear é seo i dtinreamh scoile dá bhfuil ceann de na rátaí neamhláithreachta is ísle ag Liatroim ag an mbunleibhéal ach ceann de na rátaí is airde ag an dara leibhéal. Mar ghrúpa, bíonn daoine óga ag brath níos mó ar thuismitheoirí nó ar dhaoine fásta eile chun rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha; tá riachtanais chasta agus ilghnéitheacha acu a athraíonn go leanúnach le linn a 18 mbliana; agus toisc gur minic nach mbíonn orthu a gcinntí féin a dhéanamh faoi pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha, ní mór aird níos mó a thabhairt ar na deiseanna sin a sholáthar agus a chinntiú go bhfuil siad inrochtana agus ar an eolas fúthu.

Tá na gníomhartha seo a leanas i measc na ngníomhartha a bpléifimid faoin gcolún:

— Cruinniú na nÓg a fhorbairt tuilleadh agus an rochtain air a dhéanamh níos leithne.

— Dul i mbun oibre le Coiste Cúraim Leanaí Liatroma, réamhscoileanna agus eile chun tionscadail a fhorbairt go sonrach do leanaí idir 0 agus 4 bliana d'aois.

— Tionscadail a fhorbairt a spreagann smaointeoireacht chruthaitheach i leanaí idir 4–12 bliana d'aois.

— Dul i mbun obair le raon comhpháirtithe chun cur ar chumas daoine óga 12–18 mbliana d'aois tionscadail a fhorbairt.

— Tacar scileanna gairmithe a fhorbairt san earnáil chruthaitheach chun oibriú le leanaí agus daoine óga, chun tionscadail den sórt sin a éascú agus chun cur le hinbhuanaitheacht na ndaoine atá ag obair san earnáil chruthaitheach.

**3. Folláine, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsitheacht.**
Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Éire Ildánach 2020: D'aithin Freagairt Chruthaitheach rannchuidiú cumhachtach na cruthaitheachta chun sláinte dhearfach agus dea-bhail a spreagadh. Is é an moladh lárnach atá ag Clár Éire Ildánach ná go spreagtar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí den sórt sin cruthaitheacht phearsanta agus chomhchoiteann, le himpleachtaí suntasacha ar fholláine an duine aonair agus na sochaí.

Cé gur féidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha tionchar dearfach a bheith aige ar aon bhall den tsochaí, is féidir drochthionchar a bheith aige ar an míchumas a bheith in ann rochtain a fháil ar na gníomhaíochtaí sin nó cruthaitheacht a fhiosrú mar gheall ar bhac eacnamaíoch, geografach, teanga, fisiceach nó aon chineál eile de bhacainn folláine, ní hamháin mar gheall ar easpa na gníomhaíochta sin, ach freisin mar gheall ar an mbraistint iolraithe agus stiogma a chuireann bacainní den sórt sin ar dhaoine nuair a thógtar iad ina n-iomláine.

Chomh maith le bheith ag obair chun deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha, tá go leor daoine ar fud gach uile shnáithe den tsochaí nach bhfuil ina gcuid d'aon ghrúpa pobail, nach measfadh iad féin a bheith cruthaitheach, agus nach raibh deis nó cuireadh riamh acu iniúchadh a dhéanamh ar a gcuid cruthaitheachta. Chun aghaidh a thabhairt air seo, forbróimid sraith nua clár atá deartha le bheith níos infheicthe agus níos inrochtana do dhaoine aonair nach baill d'aon ghrúpa iad agus oibreoimid le comhpháirtithe meán chun a chinntiú go n-éireoidh leo.

Tá na gníomhartha seo a leanas i measc na ngníomhartha a bpléifimid faoin gcolún:

— Dul i mbun obair le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ábhartha chun grúpaí agus cohóirt ar leith a aithint a mbíonn bacainní orthu roimh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha; tuiscint níos fearr a fhorbairt ar na bacainní seo; agus straitéisí agus cuir chuige a cheapadh chun cabhrú leo iad a shárú.

— Tacar scileanna gairmithe a fhorbairt san earnáil chruthaitheach chun oibriú le pobail ilghnéitheacha chun tionscadail den sórt sin a éascú agus chun cur le hinbhuanaitheacht na ndaoine atá ag obair san earnáil chruthaitheach.

**4. Áit, an Comhshaol & Athrú Aeráide**
*Beidh sé mar chuid riachtanach den phróiseas claochlaithe seo iniúchadh a dhéanamh ar mar is féidir na hearnálacha ealaíon, cultúir agus oidhreachta a úsáid chun idirphlé a chur chun*

*cinn maidir leis an tsaincheist phráinneach seo ar bhealaí atá spreagúil agus tarraingteach — Plean Gníomhaíochta Aeráide Éire Ildánach*

Tá a cuid gnéithe agus tréithe sainiúla ag gach áit as a dtagann a chultúr cruthaitheach. Níl difear ar bith i gcás Liatroma agus glactar leis go forleathan go bhfuil sé bríomhar ó thaobh an chultúir de, saibhir ó thaobh oidhreachta de agus suntasach, i gcoibhneas lena méid, mar gheall ar a leibhéil gníomhaíochta agus cumais thar raon leathan foirmeacha ealaíne agus láithreacha cultúrtha.

Is iomaí duine a bhog go Liatroim le 30 bliain, go háirithe daoine a oibríonn san earnáil chruthaitheach, mar gheall ar an tobar cultúrtha seo laistigh de thírdhreach tuaithe gan mhilleadh a bhfuil sé mar rún acu é a chothabháil agus a chosaint. Roinntear na leasanna agus na hábhair imní seo le cumainn feirmeoireachta, le grúpaí comhshaoil agus oidhreachta. Tríd an gClár Éire Ildánach, chuir Comhairle Contae Liatroma tús le forbairt líon mór tionscadal comhoibríoch le pobail nua fréamhaithe go maith a bhfuil ceangal láidir acu le háit, leis an gcomhshaol agus le hoidhreacht.

Cuireann na tionscadail seo, a bhfuil dlúthbhaint acu le háit, le traidisiún agus le hoidhreacht i gcomhthéacs comhaimseartha, tús le comhráite leis an bpobal i gcoitinne faoi na téamaí seo agus bíonn imní orthu de réir a chéile faoi na dúshláin phráinneacha a bhaineann le hathrú aeráide.

Tá na gníomhartha seo a leanas i measc na ngníomhartha a bpléifimid faoin gcolún:

- Tionscadail Éire Ildánach a dhéanann Oidhreacht Chultúrtha Liatroma a cheiliúradh agus a fhéachann le hoidhreacht mar inspioráid do thionscadail chruthaitheacha chomhaimseartha a spreagadh, tacú leis na tionscadail sin agus béim a chur orthu.
- Tionscadail Éire Ildánach a spreagann feasacht ar ár gcomhshaol tógtha agus nádúrtha a spreagadh, tacú leis na tionscadail sin agus béim a chur orthu.
- Tionscadail Éire Ildánach a fhéachann le cruthaitheacht a úsáid chun athrú dearfach a dhéanamh maidir lenár dtionchar ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a spreagadh, tacú leis na tionscadail sin agus béim a chur orthu.

### 5. An Geilleagar Cruthaitheach

Faoi Future Jobs Ireland, aithníodh forbairt Treochlár do na Tionscail Chruthaitheacha mar phríomhghné inghnóthaithe chun ár mbonn fiontraíochta a éagsúlú, lena gcinntítear go mbeidh geilleagar na hÉireann níos athléimní agus níos solúbtha. Le roinnt blianta anuas, tá béim láidir curtha ag Comhairle Contae Liatroma ar fhorbairt an gheilleagair chruthaithigh agus go háirithe ar fhorbairt ghairmiúil agus inbhuanaitheacht na ndaoine a oibríonn san earnáil chruthaitheach. Tá dhá spreagadh dó seo. Ar an gcéad dul síos, tá céatadán na ndaoine atá ag obair san earnáil chruthaitheach i Liatroim ar cheann de na cinn is mó sa tír agus tá sé ag méadú i gcónaí. Tá méadú tagtha ar bhallraíocht Creative Frame, Clár Forbartha Gairmiúla Earnáil na Cruthaitheachta de chuid Chomhairle Contae Liatroma, gach bliain le breis agus 400 ball reatha ann agus dhear an clár Creative Heartlands arna mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann ag OFÁanna agus Oifigí Ealaíon Liatroma, Shligigh agus Ros Comáin chun tacú leis an gclár chun forbairt ghairmiúil agus inbhuanaitheacht na ndaoine atá ag obair in earnáil na scannán agus san earnáil dearaidh agus chun tacú le forbairt níos leithne na hearnála cruthaithí ina hiomláine sna trí chontae.

Toisc go seasann an earnáil chruthaitheach do chomhréir chomh suntasach sin den lucht saothair, tá sé ríthábhachtach go bhféachfaimid lena chinntiú go bhfuil cleachtas agus slite beatha na ndaoine a oibríonn inti inbhuanaithe agus teastaíonn daoine ardoilte ó na tionscnaimh a bhfuilimid ag iarraidh a fhorbairt mar chuid de Chlár Éire Ildánach, ar daoine iad atá in ann na tionscadail sin a éascú.

Ina theannta sin, cé go bhfuil earnáil bhríomhar chruthaitheach ag Liatroim, tá dúshláin shuntasacha le sárú aici freisin. Mar chontae tuaithe le daonra beag scaipthe, tá sé ríthábhachtach go bhféachfaidh Comhairle Contae Liatroma le cultúr cruthaitheachta agus nuálaíochta a bhunú i ngach gné den gheilleagar áitiúil. Aithnítear i bPlean Forbartha Contae Liatroma go ndéanann an earnáil chruthaitheach *"smaointeoireacht chruthaitheach a spreagadh ar féidir leis smaointe agus cineálacha cur chuige nua a spreagadh maidir leis an mbealach a mhairimid agus a n-oibrímid" agus go ndéanann sí iarracht tuilleadh "sineirgí a fhorbairt le réimsí eile."*




Sweeter the Tune. Artist and featuring in Image : Cathy Carmen.
**Photographer:** Leonora Neary



Magnetise by Undercurrent featuring Katie Burke

Tacaíonn na straitéisí seo le chéile leis an smaoineamh cé go bhfuil feidhm lárnach ag an earnáil chruthaitheach i leas cultúrtha an chontae, go bhfuil impleachtaí ollmhóra aici freisin ó thaobh sóisialta agus eacnamaíoch de, a bhfuil na trí shnáithe acu fite fuaite ina chéile. Tá na gníomhartha seo a leanas i measc na ngníomhartha a bpléifimid faoin gcolún:

- Clár Intéirneachta Éire Ildánach a fhorbairt tuilleadh chun tacú le céimithe nua taithí oibre luachmhar a fháil san earnáil chruthaitheach.
- An acmhainn forbartha gairmiúla ar líne www.socialpracticetoolkit.com a fhorbairt tuilleadh
- Tionscadail Éire Ildánach atá bunaithe ar úsáid teicneolaíochtaí nua a spreagadh, tacú leis na tionscadail sin agus béim a chur orthu.
- Tionscadail Éire Ildánach a chuireann luach na cruthaitheachta agus na smaointeoireachta cruthaithí chun cinn i ngnó agus i dtionscail a spreagadh, tacú leis na tionscadail sin agus béim a chur orthu.
- Dul i mbun oibre le scoileanna agus le grúpaí óige chun feasacht ar ghairmeacha sna tionscail chruthaitheacha a leathnú.
- Dul i mbun oibre le LEO Liatroma chun meantóireacht agus tacaíochtaí eile a fhorbairt do ghnólachtaí nuathionscanta sa tionscal cruthaitheach.

# 6 Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Liatroma

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta ag Comhairle Contae Liatroma chun cur chun feidhme na Straitéise seo a threorú agus a mhaoirsiú.

Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na bPobal Ildánach ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

**Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:**

- Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;
- Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;
- Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil;
- Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.
- Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus
- A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh - tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

Tá seachadadh na Straitéise á stiúradh ag an Stiúrthóir Seirbhísí do Thithíocht, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Pobail agus Cultúir agus áirítear ar chomhaltaí na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta do Chomhairle Contae Liatroma an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach le freagracht as Cultúr, Oifigeach Ealaíon, Oifigeach Oidhreachta, Leabharlannaí Contae, Ceann Pobail, agus Oifigeach Sinsearach Forbartha don Fhorbairt Eacnamaíoch.

Is gné ríthábhachtach ratha iad na struchtúir agus na próisis seo a chuirfidh ar chumas Pobail Ildánacha tosaíochtaí straitéiseacha Chomhairle Contae Liatroma a sheachadadh.

## Léarscáil de Liatroim



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*